Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 29

# Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil sa bhliain 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €48.092 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas.

### *Dímheas ar shócmhainní caipitil*

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais shaindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF/oifige ar fad eile a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam féin. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar leis na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás seacht gconradh (de bhreis ar €25,000) dar luach €494,836 (gan CBL a áireamh) san iomlán.

- Baineann conradh amháin dar luach €42,586 (gan CBL a áireamh) le fadú gearr a cuireadh le conradh comhairleoireachta a dámhadh chun a chinntiú go gcríochnófaí athbhreithniú ar an Scéim Teasa agus Folláine a moillíodh mar thoradh ar phaindéim Covid-19.
- Maidir le trí chonradh dar luach €186,250 (gan CBL a áireamh), a bhaineann le seirbhísí fón móibíleach agus sonraí agus le hoibriú agus bainistiú Phríomhstór Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, fadaíodh iad níos faide ná téarmaí na gconarthaí bunaidh go dtí go gcuirfí comórtais soláthair i gcrích chun conarthaí athsholáthair a fháil le haghaidh na seirbhísí sin. Athsholáthraíodh na conarthaí seirbhísí fón móibíleach agus sonraí trí úsáid a bhaint as Creat-Chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus tá próiseas soláthair ar bun le haghaidh an chonartha príomhstóir. Is é is príomhstór ann ná saoráid thiomnaithe a úsáidtear chun samplaí fisiceacha ithreach agus fo-ithreach a fhaightear san obair léarscáilíochta geolaíche a dhéanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann a stóráil.
- Maidir le dhá chonradh dar luach €160,000 (gan CBL a áireamh) nach raibh aon chonarthaí i bhfeidhm ina leith, baineann siad le seirbhísí teileafón líne talún agus le seirbhísí láimhseála glaonna. Tá doiciméid tairisceana á bhforbairt faoi láthair d'fhonn tús a chur le próisis iomaíocha soláthair sa dara ráithe den bhliain 2022.
- Baineann conradh amháin dar luach €106,000 (gan CBL a áireamh) le réiteach sealadach stórála a fháil ar bhonn aonuaire le haghaidh thionscadal athchóirithe Thor an Bhacaigh.

Tá an Roinn tiomanta fós don líon próiseas soláthair neamhchomhlíontach a dtugtar fúthu a laghdú, agus thug sí roinnt nósanna imeachta nua agus breisithe isteach chun spriocdhíriú go sonrach ar réimsí lena mbaineann neamhchomhlíonadh.

Chuir an Roinn mionsonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na seacht gconradh dá dtagraítear thuas ar áireamh sa tuairisceán sin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil, agus coinnítear riosca a bhaineann le príomhthionscadail faoi athbhreithniú leanúnach. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*Comhlíonadh cánach*

An 3 Márta 2020, fuarthas comhfhreagras ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cuairt láithreáin chun tuiscint a ghnóthú ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, maidir le sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus maidir le haon taifid eile de réir mar ba ghá.

Le linn na bliana 2020, rinneadh dhá iniúchadh, a bhain leo seo: 1) conraitheoirí a úsáid; agus 2) cleachtais bhainistíochta flít inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh cánach. Ag teacht sna sála air sin, tá athbhreithniú inmheánach cánach á chur i gcrích ag an Roinn. Tá an Roinn ag tabhairt an eolais is deireanaí do na Coimisinéirí Ioncaim fud fad an phróisis, a meastar go gcuirfear i gcrích é faoi mhí an Mheithimh 2022.

Thug an Roinn nósanna imeachta breisithe isteach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta, lena n-áirítear údarás tarmligthe a bhaint de lucht bainistíochta na Rannóige lena mbaineann ar bhonn eatramhach go dtí go bhfaighfí an toradh ar an athbhreithniú.

*Cáin conarthaí iomchuí*

An 11 Márta 2021, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don Roinn gur roghnaíodh í le haghaidh seiceáil fíorúcháin ar a tuairisceáin i ndáil le Cáin Conarthaí Iomchuí don bhliain 2018. Ag teacht sna sála ar na seiceálacha fíorúcháin, shainaithin an Roinn roinnt íocaíochtaí iomchuí nár chuir sí in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim tráth a rinneadh iad. Cuireadh na híocaíochtaí neamhthuairiscithe a sainaithníodh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim i mí Mheán Fómhair 2021. Cé nár cailleadh aon ioncam cánach de bharr na n-íocaíochtaí sin, d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógra pionóis €19,993 as fógraí déanacha, rud a fuair an Roinn roimh an deireadh bliana agus a glanadh i mí Feabhra 2022.

Mar fhreagairt don tsaincheist thuas, cuireadh próiseas réitigh cuntas chun feidhme lena gcinnteofar go ndéanfar gach fógra ar bhealach tráthúil as seo amach. De bhreis air sin, cuireadh oiliúint i gcáin iomchuí ar áireamh sna pleananna oiliúna bliantúla le haghaidh bhaill foirne an Aonaid Cuntas.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Le teacht phaindéim Covid-19 go luath sa bhliain 2020, tharla athruithe áirithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus ba ghnáthnós é an chianobair don fhoireann ar fad sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe i nósanna imeachta agus i rialú. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 agus deimhním go leanann rialuithe, idir iad siúd a bhí ann cheana féin agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, de bheith éifeachtach.

Rinne paindéim Covid-19 difear do chaiteachas ar fud gach réimse cláir sa bhliain 2021 agus bhí sí mar chúis le ganncaitheamh suntasach ina lán fo-mhírcheann. Sonraítear an ganncaitheamh sin sna mínithe ar athruithe i Nóta 3.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

**Tuairim faoin gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda***

Scrúdaíonn Caibidil 9 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2021 ról na Roinne i gcur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | | | |
| | *Bunaidh* | 233,250 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,247 | | | |
| | *Forlíontach* | (52,500) | | | |
| | | | 195,997 | 163,722 | 88,816 |
| B | Fuinneamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 314,438 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 22,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 28,001 | | | |
| | | | 364,939 | 326,989 | 204,291 |
| C | Acmhainní nádúrtha | | 24,005 | 17,750 | 21,211 |
| D | Iascaigh intíre | | 34,233 | 27,941 | 32,909 |
| E | Comhshaol agus bainistiú dramhaíola | | | | |
| | *Bunaidh* | 125,128 | | | |
| | *Forlíontach* | 24,500 | | | |
| | | | 149,628 | 127,599 | 81,040 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 731,054 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 37,747 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 768,802 | 664,001 | 428,267 |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **11,078** | **12,286** | **13,120** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 719,976 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 37,747 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **757,724** | **651,715** | **415,147** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d’aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €57.917 milliún de leithdháiltí caipitil neamhchaite na bliana 2021 anonn chuig Fo-mhírcheann B.4 sa bhliain 2022.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 106,009,093 | 101,071,705 |
| Géilleadh iarchurtha | (57,917,000) | (37,747,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **48,092,093** | **63,324,705** |

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 628,711 | 395,609 |
| Pá | | 28,091 | 25,406 |
| Neamhphá | | 7,199 | 7,252 |
| **Ollchaiteachas** | | **664,001** | **428,267** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **12,286** | **13,120** |
| **Glanchaiteachas** | | **651,715** | **415,147** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead tirim | (266) | | |
| Dímheas | 895 | 629 | (300) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,436) | | |
| Laghdú ar stoc | 15 | (1,421) | (263) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **650,923** | **414,584** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,792 | 15,506 |
| Measchíosanna | | 1,584 | 1,584 |
| **Glanchostas an chláir** | | **668,299** | **431,674** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | — |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,232 | 11,805 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,322 | 3,588 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 44 | 42 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 69 | — |
| Lárchiste – pinsin airí | | 80 | 71 |
| | | **15,792** | **15,506** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,559 | 2,188 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 234,321 | 95,962 [a] |
| Stoic | 2.3 | 190 | 205 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 2,092 | 2,261 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,563 | 1,378 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 200 | 249 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **238,366** | **100,055** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 2,369 | 3,688 |
| Ioncam iarchurtha | | — | 101 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 170,811 | 55,001 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 63,710 | 41,210 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **236,890** | **100,000** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,476 | 55 |
| **Glansócmhainní** | | **3,035** | **2,243** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.9 | **3,035** | **2,243** |

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid bainc an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán oifige | Trealamh oifige agus TF | Trealamh speisialta agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 1,404 | 22,689 | 7,710 | 31,803 |
| Breiseanna | — | — | 266 | 266 |
| Diúscairtí | — | (1) | — | (1) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 1,404 | 22,688 | 7,976 | 32,068 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 1,258 | 21,653 | 6,704 | 29,615 |
| Dímheas don bhliain | 23 | 341 | 531 | 895 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1) | — | (1) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 1,281 | 21,993 | 7,235 | 30,509 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **123** | **695** | **741** | **1,559** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 146 | 1,036 | 1,006 | 2,188 |

Nóta Déantar tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit, a bhíonn á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil ar áireamh anseo, a liostú in Aguisín A.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid agus airgead tirim Vóta 29 ag an bPámháistir Ginearálta | 69,183 | 75,701 |
| Iarmhéid an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an bPámháistir Ginearálta [a] | 165,138 | 20,261 |
| | **234,231** | **95,962** |

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid bainc an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Trealamh | 47 | 71 |
| Foilseacháin | 129 | 120 |
| Stáiseanóireacht | 14 | 14 |
| | **190** | **205** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Riarachán – trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 940 | 853 |
| Riarachán – trealamh, stórtha agus cothabháil | — | 130 |
| Costais riaracháin eile | 13 | 20 |
| Sochaí faisnéise | 956 | 906 |
| Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 67 | 352 |
| Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 116 | — |
| | **2,092** | **2,261** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Párolla | 29 | — |
| Tuarastail ball foirne ar iasacht | 30 | 112 |
| Míreanna eile ar fionraí | 141 | 137 |
| | **200** | **249** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 566 | 282 |
| An Ciste Carbóin | — | 271 |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | 1,026 | 751 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | — | 1,759 |
| Fabhruithe eile | 777 | 625 |
| | **2,369** | **3,688** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach | 552 | 414 |
| Cáin bhreisluacha | 334 | 311 |
| Cáin conarthaí iomchuí | — | 2 |
| Fáltais ón státchiste (nóta 4.3) | 165 | 152 |
| ÍMAT/ÁSPC | 745 | 663 |
| | 1,796 | 1,542 |
| **Fionraí** | | |
| An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2) | 165,138 | 20,261 [a] |
| An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | — | 28,000 |
| Dlite don An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2) | — | 1,212 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nóta 4.3) | 1,547 | 1,759 |
| Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam (nóta 7.1) | 150 | — |
| Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda atá dlite do GBCN | 415 | — |
| Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála | 1,267 | 1,660 |
| Párolla | — | 128 |
| Eile | 498 | 439 |
| | 169,015 | 53,459 |
| | **170,811** | **55,001** |

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid neamhchaite an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 48,092 | 63,325 |
| Géilleadh iarchurtha | 57,917 | 37,747 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (42,299) | (59,862) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **63,710** | **41,210** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 234,321 | 95,962 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 200 | 249 |
| | 234,521 | 96,211 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,796) | (1,542) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (169,015) | (53,459) |
| | (170,811) | (55,001) |
| | | |
| | **63,710** | **41,210** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,243 | 1,680 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 757,724 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (57,917) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (48,092) | | |
| Glanvóta | | | 651,715 | 415,147 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 15,792 | 15,506 |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,584 | 1,584 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (668,299) | (431,674) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **3,035** | **2,243** |

## 2.10 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** ag an 31 Nollaig | **2021** **€000** | **2020** **€000** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 7,565 | 1,755 |
| Cláir deontas caipitil | 133,706 | 151,454 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 2,631,557 | 2,772,694 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **2,772,828** | **2,925,903** |

| **b) Cláir deontas caipitil** ag an 31 Nollaig | **2021** **€000** | **2020** **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 151,454 | 142,540 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (93,056) | (109,975) |
| Ceangaltais maidir le deontais nua | 91,258 | 132,263 |
| Deontais a cealaíodh | (15,950) | (13,374) |
| **Iarmhéid deiridh** | **133,706** | **151,454** |

**c) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos airde ná €10 milliún**

| **Clár/tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020** **€000** | **Caiteachas in 2021** **€000** | **Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh** **€000** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2021** **€000** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2020** **€000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Postchóid náisiúnta | 28,042 | 1,476 | 4,425 | 33,943 | 32,467 |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | 42,503 | 134,729 | 2,586,768 | 2,764,000 | 2,764,000 |
| INFOMAR [a] | 55,120 | 3,381 | 2,588 | 61,089 | 59,664 |
| Tellus [b] | 22,071 | 3,431 | 2,741 | 28,243 | 23,393 |
| | **147,736** | **143,017** | **2,596,522** | **2,887,275** | **2,879,524** |

Nóta [a] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall farraige na hÉireann agus lena dtugtar sonraí bonnlíne faoi earnáil mhuirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer agus úsáid á baint as aerárthaí atá ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutháin agus ar dhríodar srutháin.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i dtaca le haon mhórcheangaltas ina bhfuil athrú is mó ná €500,000 tagtha ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid leis an mbliain 2020.

**Postchóid náisiúnta**

*Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.476 milliún*

Léirítear sa mhéadú an ceangaltas bliana deiridh faoin gconradh le haghaidh thionscadal na nÉirchód a bheith ar áireamh, ar ceangaltas é a íocfar go cúlghabhálach sa bhliain 2024. Ní dhéanann sé sin difear do chostas foriomlán an chonartha. Mar gheall ar earráid, fágadh na híocaíochtaí cúlghabhálacha a bhí dlite in 2024 ar lár sna blianta roimhe sin.

**INFOMAR**

*Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.425 milliún*

Baineann caiteachas ar an tionscadal INFOMAR le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain.

**Tellus**

*Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €4.85 milliún*

Baineann caiteachas ar an tionscadal Tellus le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Baineann an méadú sa bhliain 2021 go príomha le conradh trí bliana le haghaidh suirbhéanna aeriompartha a bheith á dhámhachtain i mí Mheán Fómhair 2021 ar chostas iomlán €2.5 milliún.

## 2.11 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh i seilbh an Stáit in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann. Baineann caiteachas le hoibreacha feabhsúcháin talún agus monatóireacht comhshaoil ar an dá láithreán a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.4.

| | Caiteachas go deireadh 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais Chonartha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Abhóca | 4,766 | 35 | — | 4,801 |
| Béal Átha Gabhann | 11,190 | — | — | 11,190 |
| Monatóireacht comhshaoil | 1,689 | 143 | — | 1,832 |
| | **17,645** | **178** | **—** | **17,823** |

## 2.12 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as freagairt slándála an Rialtais d'aon teagmhais cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta a chomhordú. Comhlíonann an Rialtas na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thuairisciú faoin gclár cumarsáide atá léirithe thíos, agus costais riaracháin a bheith á n-íoc ó Fho-mhírchinn A.1 agus A.2 agus ó mhaoiniú oibríochtúil a soláthraíodh trí Fho-mhírcheann A.5.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cibearshlándáil | 3,871 | 3,422 |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith sa bhliain 2022 agus sna blianta ina diaidh, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid an Aontais Eorpaigh nó ar thorthaí caingne eile dlí, bíodh siad ar siúl, ar feitheamh nó féideartha. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 31,314 | 28,091 | 25,406 |
| ii | Taisteal agus cothú | 919 | 231 | 280 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,226 | 783 | 524 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 440 | 324 | 375 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,081 | 3,728 | 3,586 |
| vi | Costais áitribh oifige | 924 | 614 | 689 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus ahbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,700 | 1,399 | 1,571 |
| viii | Trealamh, stórtha agus cothabháil | 196 | 120 | 227 |
| | | **39,800** | **35,290** | **32,658** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €31.314 milliún; toradh €28.091 milliún*

Tharla an coigilteas €3.223 milliún mar thoradh ar earcaíocht a bheith á hagú ar fud na bliana, rud a d'fhág gur lú costais bhliantúla foirne ná an buiséad lena ndéantar soláthar do chostas lánbhliana na foirne ar fad.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €919,000; toradh €231,000*

Tharla an coigilteas €688,000 mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aici ar thaisteal.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.226 milliún; toradh €783,000*

Tharla an coigilteas €443,000 go príomha mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aige ar chostais oiliúna, taispeántas agus comhdhála.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €440,000; toradh €324,000*

Tharla an coigilteas €116,000 mar thoradh ar laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19, rud ba chúis le caiteachas laghdaithe ar sheirbhísí poist agus teileafóin.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €924,000; toradh €614,000*

Tharla an coigilteas €310,000 mar thoradh ar laghduithe i gcothabháil, slándáil, glantachán, solas agus teas de bharr laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19.

## Clár A Cumarsáid

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | 8,141 | 7,303 | | 7,237 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,995 | 1,745 | | 1,428 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | | | | | |
| | *Bunaidh* | 211,823 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,247 | | | | |
| | *Forlíontach* | (52,500) | | | | |
| | | | 174,570 | 146,612 | | 53,255 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | | 5,511 | 6,146 | | 4,455 |
| A.5 | Sochaí faisnéise | | 5,780 | 1,916 | | 3,981 |
| A.6 | Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19 [a] | | — | — | | 18,460 |
| | | | **195,997** | **163,722** | | **88,816** |

Nóta [a] Aistríodh freagracht as an Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 31 Nollaig 2020.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €84.775 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.088 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €83.687 milliún.

**A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide**

*Soláthar meastacháin €227.07 milliún; toradh €146.612 milliún*

Tharla an coigilteas €80.458 milliún go príomha mar thoradh ar shonraisc sa bhliain 2021 ó Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, ar thuairiscigh sé go mbeadh siad ag teacht chun cinn, a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aici ar chur i bhfeidhm líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

**A.4 Forbairt ilmheán**

*Soláthar meastacháin €5.511 milliún; toradh €6.146 milliún*

Tharla an barrachas €635,000 go príomha mar thoradh ar mhaoiniú breise a bheith á sholáthar don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun seasamh a dhéanamh ar easnamh ina hioncam tráchtála mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**A.5 Sochaí faisnéise**

*Soláthar meastacháin €5.78 milliún; toradh €1.916 milliún*

Tharla an coigilteas €3.864 milliún mar thoradh ar mhoill ar obair athchóirithe a dhéanamh ar shaoráid eatramhach le haghaidh an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála. Táthar ag súil anois go gcuirfear an obair sin i gcrích i samhradh na bliana 2022.

## Clár B Fuinneamh

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 7,845 | 7,038 | 5,147 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,956 | 1,708 | 1,471 |
| B.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | | 18,373 | 16,098 | 12,385 |
| B.4 | Clár fuinnimh inbhuanaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 255,275 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 22,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 28,001 | | | |
| | | | 305,776 | 291,467 | 127,164 |
| B.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | | 18,360 | 10,358 | 7,788 |
| B.6 | Seirbhísí gáis | | 45 | 44 | 55 |
| B.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 290 | 276 | 281 |
| B.8 | Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite | | 12,294 | — | 50,000 |
| | | | **364,939** | **326,989** | **204,291** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €9.949 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.055 milliún de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €8.894 milliún.

**B.3 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €18.373 milliún; toradh €16.098 milliún*

Tharla an coigilteas €2.275 milliún mar thoradh ar earcaíocht a bheith á hagú ar fud na bliana, rud a d’fhág gur lú costais bhliantúla foirne ná an buiséad lena ndéantar soláthar do chostas lánbhliana na foirne ar fad.

**B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin €277.775 milliún; toradh €291.467 milliún*

Bhí gannchaitheamh suntasach ann ar fud na scéimeanna Fuinnimh Níos Fearr mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar theorainneacha slabhra soláthair agus saothair. Mar thoradh air sin, fuarthas ceadú le haghaidh €160 milliún a aistriú chuig an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú: feabhas a chur ar rochtain ar thionscadail iarfheistithe chónaithe do theaghlaigh atá i mbaol na tearcrochtana fuinnimh; Scéim Ráthaíochta Iasachta nua um Iarfheistiú Cónaithe a bhunú chun cabhrú le hiasachtaí ísealchostais a sholáthar le haghaidh tionscadail iarfheistithe chónaithe; cur leis an líon tithe a iarfheistítear tríd an Scéim Iarfheistithe Náisiúnta; agus aghaidh a thabhairt ar an méadú suntasach sna praghsanna fuinnimh a mbíonn tomhaltóirí ag déileáil leo (féach Nóta 7.2). Ba í sin an chúis a raibh an caiteachas €13.692 milliún níos mó ná an soláthar meastacháin bunaidh.

**B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh**

*Soláthar meastacháin €18.36 milliún; toradh €10.358 milliún*

Tharla an méadú €8.002 milliún ar chaiteachas mar thoradh orthu seo: (1) íostarraingtí ó chomhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le tionscadail taighde, forbartha agus taispeána fuinnimh in-athnuaite a bheith níos ísle ná mar a réamh-mheasadh; agus (2) moilleanna ar chláir fuinnimh aigéin.

**B.8 Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite**

*Soláthar meastacháin €12.294 milliún; toradh €nialas*

Is é atá san fho-mhírcheann seo ná soláthar le haghaidh comhlíonadh a cheannach faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite i gcás go dteipfidh ar Éirinn a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh. Mar thoradh ar na haistrithe staitistiúla a chur i gcrích sa bhliain 2020, bhí Éire in ann a hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathuaite a chomhlíonadh sa bhliain 2021 agus ní raibh aon cheannacháin bhreise ag teastáil.

## Clár C Acmhainní nádúrtha

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 6,089 | 5,462 | 5,852 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 1,917 | 1,592 | 2,523 |
| C.3 | Seirbhísí peitriliam | 214 | 35 | 35 |
| C.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 2,750 | 343 | 1,260 |
| C.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 12,900 | 10,294 | 11,416 |
| C.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 24 | 125 |
| | | **24,005** | **17,750** | **21,211** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €6.255 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €952,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €5.303 milliún.

**C.3 Seirbhísí peitriliam**

*Soláthar meastacháin €214,000; toradh €35,000*

Tharla an coigilteas €179,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí le Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de, a bheith níos ísle ná mar a measadh toisc nach bhfuair an Roinn ach dhá fháltas san iomlán ó na 13 shealbhóir ceadúnais sa bhliain 2021.

**C.4 Seirbhísí mianadóireachta**

*Soláthar meastacháin €2.75 mhilliún; toradh €343,000*

Baineann an coigilteas €2.407 milliún leo seo: (1) rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi cheadúnais mhianadóireachta Stáit agus moilleanna dlí, rud ba chúis le híocaíochtaí cúitimh a rinneadh le húinéirí ceart mianraí i ndáil le mianraí príobháideacha arna n-eastóscadh ag cuideachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a measadh; agus (2) moilleanna ar láithreán a fháil mar chuid d'fheabhsúchán Bhéal Átha Gabhann.

**C.5 Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann**

*Soláthar meastacháin €12.9 milliún; toradh €10.294 milliún*

Baineann an coigilteas €2.606 milliún le moilleanna ar dhámhachtainí deontais agus seirbhísí soláthartha a phróiseáil. Bhí roinnt moilleanna ann ar obair allamuigh freisin mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

**C.6 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €135,000; toradh €24,000*

Tharla an coigilteas €111,000 mar thoradh ar iarraidh íocaíochta gan a bheith faighte ón gCuibhreannas Eorpach le haghaidh Druileáil Taighde Aigéin.

## Clár D Iascaigh intíre

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 660 | 592 | 687 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 229 | 187 | 354 |
| D.3 | Iascaigh intíre | 33,344 | 27,162 | 31,868 |
| | | **34,233** | **27,941** | **32,909** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €6.292 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €110,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €6.182 milliún.

**D.3 Iascaigh intíre**

*Soláthar meastacháin €33.344 milliún; toradh €27.162 milliún*

Tharla an coigilteas €6.182 milliún mar thoradh ar laghdú in íostarraingt na bliana 2021 ag Iascach Intíre Éireann chun an méid airgid ar láimh sa ghníomhaireacht a laghdú.

## Clár E Comhshaol agus bainistiú dramhaíola

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | | | 8,579 | 7,696 | 6,483 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,389 | 1,967 | 1,477 |
| E.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | | 50,177 | 48,943 | 43,212 |
| E.4 | An Ciste Carbóin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | | 1,800 | 1,797 | 320 |
| E.5 | Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | | 15,000 | 14,972 | 4,500 |
| E.6 | Feabhsúchán líontaí talún | | | 26,250 | 21,306 | 12,008 |
| E.7 | Tionscnaimh aeráide | | | 8,077 | 5,633 | 2,857 |
| E.8 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | | 3,096 | 3,021 | 3,002 |
| E.9 | Comhphlé náisiúnta | | | — | — | — |
| E.10 | Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,260 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | | 15,260 | 13,456 | 6,329 |
| E.11 | An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 8,000 | 7,636 | 707 |
| E.12 | An Ciste um Aistriú Cóir | | | 11,000 | 1,172 | 145 |
| | | | | **149,628** | **127,599** | **81,040** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €2.471 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh. Bhí an caiteachas riaracháin €1.305 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh agus míníodh é sin cheana féin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €3.776 milliún.

**E.4 An Ciste Carbóin**

*Soláthar meastacháin €300,000; toradh €1.797 milliún*

Tharla an méadú €1.497 milliún ar chaiteachas mar gheall ar aisíocaíocht a rinneadh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) as creidmheas carbóin ar aon dul leis an Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Roimhe sin, rinneadh an aisíocaíocht le GBCN sa bhliain tar éis cheannach an chreidmheasa carbóin. Sa bhliain 2021, áfach, d'iarr GBCN aisíocaíocht i leith na bliana 2020 agus na bliana 2021 araon roimh dheireadh na bliana.

**E.5 Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €14.972 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €9.972 milliún mar gheall ar chinneadh an Aire ranníocaíocht airgeadais aeráide foriomlán na Roinne a mhéadú. B'ionann an dá thionscadal seo a leanas agus an chuid is mó den chaiteachas breise a tabhaíodh in 2021.

1). Ag COP26, thug Éire gealltanas go gcuirfeadh sí €10 milliún milliún leis an gCiste Oiriúnaithe idir 2021 agus deireadh 2022. Soláthraíodh €5 milliún in 2021, arbh ionann é agus méadú €4.7 milliún ar an tsuim a ranníocadh in 2020.

2). Shínigh Éire socraíocht le Banc Forbartha na hÁise chun Ciste Iontaobhais Deontóra Aonair a bhunú – Ciste Iontaobhais na hÉireann chun Athrú Aeráide agus Athléimneacht Tubaiste a Thógáil i Stáit Forbraíochta Oileáin Bheaga (SIDSanna). Tá Éire tiomanta do €12m a chur ar fáil thar na sé bliana idir 2019 agus 2024 chun tacú le SIDSanna freagairt d'éifeachtaí an athraithe aeráide. Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ranníocaíocht €3 mhilliún in 2021 lena gcuirtear ar chumas na hÉireann an leibhéal maoinithe atá ar fáil do SIDSanna tríd an gCiste Iontaobhais a mhéadú in 2022.

**E.6 Feabhsúchán líontaí talún**

*Soláthar meastacháin €26.25 milliún; toradh €21.306 milliún*

Tharla an coigilteas €4.944 milliún mar thoradh ar éilimh ó údaráis áitiúla a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr moilleanna ar oibreacha feabhsúcháin a chur ar aghaidh mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**E.7 Tionscnaimh aeráide**

*Soláthar meastacháin €8.077 milliún; toradh €5.633 milliún*

Tharla an coigilteas €2.444 milliún mar thoradh ar mhoill ar íocaíocht a dhéanamh le tionscadal de chuid Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh mar gheall ar mhoill ar gharspriocanna a chomhlíonadh de dheasca fadhbanna soláthair agus fhadhbanna phaindéim Covid-19 agus mar gheall ar mhoill ar cheanglais shonracha samhaltaithe agus ar sceidealú íocaíochtaí faoin nGrúpa um Ghníomhú ar Son na hAeráide a Shamhaltú (an Clár Taighde Theicniúil agus Samhaltaithe roimhe sin).

**E.10 Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola**

*Soláthar meastacháin €10.26 milliún; toradh €13.456 milliún*

Tharla an méadú €3.196 milliún ar chaiteachas mar thoradh ar Bhonneagar Frithbhuscair agus Tacaí Caipitil a thabhairt isteach, rud a fritháiríodh go páirteach le gannchaitheamh i gcláir chumarsáide dramhaíola agus i gcláir eile um bainistiú dramhaíola.

**E.11 An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide**

*Soláthar meastacháin €nialas; toradh €7.636 milliún*

Tháinig an méadú €7.636 milliún ar chaiteachas chun cinn de bharr íocaíochtaí le haghaidh Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna. Fuarthas cistiú le haghaidh na scéime sin faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, agus scaoilfidh an Plean sin cistí le haghaidh na scéime sin go cúlghabhálach ar na garspriocanna comhaontaithe a chur i gcrích.

**E.12 An Ciste um Aistriú Cóir**

*Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €1.172 milliún*

Tharla an coigilteas €9.828 milliún mar thoradh ar mhoilleanna ar chomhaontuithe deontais a thabhairt chun críche idir deontaithe agus an Roinn. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas ar na tionscadail sin sa bhliain 2022.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó fhíneálacha de bharr cionta iascaigh intíre | 50 | 23 | 21 |
| 2 | Fáltais faoin Acht Forbairte Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960 | 5,200 | 6,605 | 6,699 |
| 3 | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 210 | 35 | 35 |
| 4 | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 342 | 481 |
| 5 | Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 85 | 328 |
| 6 | Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh | — | — | 707 |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | 1,070 | 1,372 | 997 |
| 8 | Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí | 340 | 380 | 232 |
| 9 | Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,079 | 3,188 | 3,069 |
| 10 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 606 | 256 | 551 |
| | **Iomlán** | **11,078** | **12,286** | **13,120** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.208 milliún níos mó ná an meastachán. Leagtar mínithe ar athruithe amach thíos.

2 **Fáltais faoin Acht Forbairte Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960**

*Meastachán €5.2 milliún; réadaithe €6.605 milliún*

Tharla an barrachas €1.405 milliún mar thoradh ar roinnt íocaíochtaí móra dleachtanna amuigh a bheith á ndéanamh ag oibreoirí mianaigh sa bhliain 2021.

**3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam**

*Meastachán €210,000; réadaithe €35,000*

Tharla an t-easnamh €175,000 mar thoradh ar fháltais ó shealbhóirí ceadúnas taiscéalaíochta teorann a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Sa bhliain 2021, fuair an Roinn dhá fháltas san iomlán ó shealbhóirí ceadúnais.

**5 Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist**

*Meastachán €223,000; réadaithe €85,000*

Tharla an t-easnamh €138,000 mar thoradh ar ioncam cíosa gan a bheith faighte go dtí mí an Mhárta 2022.

**10 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Meastachán €606,000; réadaithe €256,000*

Tharla an t-easnamh €350,000 go príomha toisc nár cuireadh an Scéim um Shlatiascaireacht do Chách ar aghaidh sa bhliain 2021, rud ba chúis le haisíocaíocht ó chistiú na gcuntas díomhaoin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais ilghnéitheacha

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dleachtanna i dtaca le líonraí achar cathrach | 942 | 911 |
| Dearbhú na Coraibe | 21 | 48 |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 224 | 35 |
| Aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail ó bhlianta roimhe [a] | 176 | — |
| Eile | 9 | 3 |
| **Iomlán** | **1,372** | **997** |

Nóta [a] Mar ghníomh leantach i leith na litreach bainistíochta don bhliain 2020 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, d'athbhreithnigh an Roinn iarmhéideanna a cuntas fionraí mallghluaisteach. Glanadh na hiarmhéideanna nuair ab fhéidir.

### 4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 152 | 261 |
| Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí [a] | 147,694 | 122,781 |
| Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo | 206 | 193 |
| Díolachán scaireanna NDRC | 66 | 152 |
| Fáltais ó árachas agus ó thionscadail | 99 | — |
| Géilleadh deonach tuarastal Aire | 21 | 29 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (148,073) | (123,264) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **165** | **152** |

Nóta [a] Is ionann €149.2 milliún agus ollsciar na hÉireann d’fháltais a d’eascair as liúntais a chur ar ceant i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2021. Asbhaintear €1.5 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhfuil fáltas glan €147.7 milliún ann le tabhairt ar ais don Státchiste.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 438 | 396 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 903 | 875 |
| | **1,341** | **1,271** |

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta atá ar áireamh i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

### 5.2 Pá

| Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí) | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 78,709 | 73,620 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 322 | 236 |
| Liúntais eile | 1,644 | 1,517 |
| Ragobair | 48 | 48 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,620 | 6,925 |
| **Pá iomlán** | **88,343** | **82,346** |

Nóta Tagraíonn na socruithe luach saothair do ghné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.4, B.1, B.3, C.1, D.1, D.3, E.1, agus E.3. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ciorclán 1 de 2022).

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 25,691 | 23,331 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 36 | 20 |
| Liúntais eile | 122 | 101 |
| Ragobair | 23 | 25 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,219 | 1,929 |
| **Pá iomlán** | **28,091** | **25,406** |

**Luach saothair fhoireann na ngníomhaireachtaí**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 53,018 | 50,289 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 286 | 216 |
| Liúntais eile | 1,522 | 1,416 |
| Ragobair | 25 | 23 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,401 | 4,996 |
| **Pá iomlán** | **60,252** | **56,940** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 2 | 14,858 | 4,894 |
| Liúntais eile | 18 | 3 | 20,318 | 20,614 |
| Ragobair | 12 | — | 3,799 | 4,262 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 1 | 11,328 | 11,262 |
| **Foireann na ngníomhaireachtaí** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 60 | 3 | 17,948 | 9,761 |
| Liúntais eile | 330 | 3 | 40,534 | 9,873 |
| Ragobair | 13 | — | 4,513 | 4,473 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 57 | 7 | 18,982 | 14,124 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Tá oibrí earnála poiblí amháin atá ag fáil pinsean earnála poiblí fostaithe ag an Roinn ar bhonn buan, agus tá na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €397,831 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le trí oifigeach déag a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc na gníomhaireachtaí inar oibrigh siad a dtuarastail.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 28 | 143,663 | 107,379 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 10 | 86,925 | 78,846 |

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ar ghrád Leibhéal Ard-Rúnaí II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (b'ionann é agus €201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn B.4, C.5 agus E.11 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus trí Fhís 2021.

Íoctar fáltais CFRE go díreach isteach sa Chiste Lárnach agus cuirtear caiteachas gaolmhar ar fáil i bhFo-mhírchinn B.4 (2021: Nialas-; 2020: €23.394 milliún) agus E.11 (2021: €7.636 milliún; 2020: €nialas).

Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú €926,000 ón Aontas Eorpach i dtaca le tionscadail Fhís 2021 agus cuirtear caiteachas gaolmhar ar fáil i bhFo-mhírcheann C.5 (2021: €549,000; 2020: €808,000).

### 6.2 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €57.917 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas sa bhliain 2021 a tugadh anonn chuig an mbliain 2022.

| | **€000** |
|---|---|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:** | |
| A.3 Cláir theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | 27,958 |
| A.5 Sochaí faisnéise | 2,599 |
| B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 7,814 |
| B.8 Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite | 12,294 |
| C.5 Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 2,570 |
| D.3 Iascaigh intíre | 2,514 |
| E.6 Feabhsúchán líontaí talún | 2,168 |
| | **57,917** |

### 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi líomhain calaoise amhrasta a bhféadfadh gur tharla sí i soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú deontais. Tá an cás sin á imscrúdú ag na húdaráis chuí, agus tá an Roinn ag fanacht leis an toradh a fháil.

## Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

### 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 6,072 | 6,091 |
| Fáltais | 685 | 38 |
| Íocaíochtaí | (768) | (57) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **5,989** | **6,072** |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) sa bhliain 1997 agus is iad cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu arna eisiúint ag an Roinn a mhaoiníonn é. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir thacaíochta áitiúla a láidriú, trí bhailiú sonraí taighde a mhaoiniú agus trí thaighde ‘talamhbhunaithe’ i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Déanann an Oifig Rialaithe Geo-Eolaíochta sa Roinn riar ar an gCiste.

### 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 20,261 | 20,968 |
| Fáltais | 165,138 | — |
| Infheistíochtaí | — | — |
| Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | (20,261) | — |
| Aisíocaíocht leis an Vóta i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | — | (707) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **165,138** | **20,261** |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad cuspóirí an Chiste ná (1) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (2) forbairt margaidh le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Sholáthair an Rialtas €35 mhilliún ó Chiste an Ioncaim ón Tobhach Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tá maoiniú €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Meaitseáiltear an infheistíocht ón Stát in IEEI le maoiniú earnála príobháidí. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI. Chinn an tAire, i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in IEEI i ndiaidh mhí na Bealtaine 2018. Dar leis an luacháil is déanaí amhail an 30 Meán Fómhair 2021, b’ionann luach infheistíocht an Stáit in IEEI agus €15.802 milliún.

Agus cead faighte ón Rialtas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chinn an tAire an t-airgead a bhí fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a shannadh don Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide. Ba é €20.261 milliún an t-iarmhéid sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an 31 Nollaig 2020, agus aistríodh é sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide an 8 Meitheamh 2021.

Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáileadh ó IEEI sa bhliain 2020 dar luach iomlán €1.212 milliún. Go dtí go mbeidh cinneadh déanta ar an gcaoi a gcaithfear leis an dáileadh sin, rinneadh é a thaisceadh go sealadach i gcuntas fionraí Vóta agus bhí sé ar áireamh mar iarmhéid creidmheasa i Nóta 2.5 sa chuntas leithreasa don bhliain 2020. Íocadh an fáltas sin isteach sa Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide i mí an Mhárta 2021.

Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, trí dháileadh ó IEEI sa bhliain 2021 dar luach iomlán €5.138 milliún. Aistreofar na cistí sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide, faoi réir cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I mí na Nollag 2021, rinneadh íocaíocht aonuaire €160 milliún ó fho-mhírcheann B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe de Vóta 29 leis an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh, le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé mar chuspóir leis an maoiniú sin éascú a dhéanamh ar ghníomhartha atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach i mBuiséad 2022 chun tacú le teaghlaigh trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtí. Tá sé mar aidhm leis sin an tionchar atá ag méaduithe ar phraghsanna fuinnimh a laghdú do líon níos airde teaghlach trí chur leis an rochtain ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Éascaíodh an íocaíocht ó fho-mhírcheann B.4 le gannchaitheamh suntasach a tháinig chun cinn san fho-mhírcheann a tharla de bharr phaindéim Covid-19, móide €28.001 milliún a aistríodh isteach san fho-mhírcheann trí mheastachán forlíontach teicniúil.

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na réadmhaoine seo a leanas.

1 Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2 Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na réadmhaoine sin faoi léasanna nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá iascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| **Ciste comhlachta/roinne** | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | **Dáta na tuarascála iniúchta** | **An dáta a fuair an tAire/an Roinn í** | **An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í** |
|---|---|---|---|---|
| An Post | 2020 | 16 Aib 2021 | 23 Aib 2021 | 28 Bea 2021 |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide [a] | 2020 | 31 Már 2021 | 29 Aib 2021 | 13 Iúil 2021 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | 2020 | 31 Lún 2021 | 29 MF 2021 | 24 Sam 2021 |
| Bord na Móna | 2020 | 24 Mei 2020 | 16 Iúil 2020 | 22 Iúil 2020 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | 2020 | 21 Bea 2021 | 29 Mei 2021 | 18 DF 2021 |
| Eirgrid [b] | 2020 | 29 Ean 2021 | 29 Ean 2021 | 20 Bea 2021 |
| BSL | 2020 | 26 Fea 2021 | 3 Már 2021 | 15 Aib 2021 |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | 2020 | 10 Mei 2021 | 21 Mei 2021 | 23 Iúil 2021 |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | 2020 | 24 Mei 2021 | 25 Mei 2021 | 23 Iúil 2021 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 2020 | 29 Mei 2021 | 30 Mei 2021 | 8 DF 2021 |
| Iascach Intíre Éireann | 2020 | 20 Nol 2021 | 21 Nol 2021 | — |
| Gníomhaireacht na Lochanna | 2020 | 21 Nol 2021 | 4 Ean 2022 | 28 Fea 2022 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2020 | 29 Mei 2021 | 1 Iúil 2021 | 11 DF 2021 |
| An Ciste Comhshaoil | 2020 | 15 Nol 2021 | 15 Nol 2021 | 4 Fea 2022 |
| An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide | 2020 | 20 Nol 2021 | 20 Nol 2021 | 7 Fea 2022 |

Nóta [a] Tréimhse an chuntais: an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

[b] Tréimhse an chuntais: an 1 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.